

Sráidbhaile á bhánú

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoin sráidbhaile Cúirt Mhic Shéafraidh, a bhfuil na siopaí go léir dúnta ann. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An dtuigeann tú iad?

1. coiste áitiúil _____
2. siopa pobail _____
3. bollóg aráin _____
4. diaidh ar ndiaidh _____
5. forbartha _____
6. Iarthar Chorcaí _____
7. i bhfabhar _____
8. an chomhairle _____
9. comharchumann _____
10. tionólfar _____
11. scaireanna _____

Anois, féachaigí ar an tuairisc le feiceáil an gcuideadh sin libh. Mura bhfuil sibh cinnte faoi bhrí na bhfocal tar éis na chéad éisteachta, pléigí na focail leis an teagascóir.

Ceist 2 Féach ar an mír arís agus pléigh ábhar na míre leis an duine in aice leat. An raibh an t-eolas céanna agaibh beirt?

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna:

1. Cén fáth nach féidir bollóg aráin a cheannach i gCúirt Mhic Shéafraidh na laethanta seo?
2. Cad iad na difríochtaí idir an sráidbhaile inniu agus caoga bliain ó shin?
3. Cathain a dúnadh an bhunscoil agus oifig an phoist?
4. Cé atá ag tabhairt cabhrach don choiste agus cén chomhairle a cuireadh air?
5. Conas a bhaileoidh an coiste an t-airgead chun an siopa pobail a bhunú?

Ceist 4 Bí ag obair leis an duine in aice leat. Déanaigí cur síos dá chéile faoi eachtraí atá ar siúl in bhur saol féin, ag úsáid na bhfrásaí seo a leanas:

an bhliain seo chugainn
le blianta fada
i mbliana
anuraidh
i rith an tsamhraidh
faoi láthair

Ceist 5 ‘...Ní féidir uachtar reoite a cheannach anseo...’

1. Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an sampla thuas?
2. Féach ar na habairtí seo agus cuir líne faoin ngné sin i ngach abairt:

Tá mé ag scríobh m'aiste.

Ní maith liom aistí a scríobh.

Tá mé ag ithe an cheapaire.

Ní maith liom ceapairí a ithe.

3. An féidir leat a rá cén fáth nach bhfuil deireadh na mbriathra mar an gcéanna sna samplaí thíos?

Dún – dúnadh

Cuir – cuireadh

Bunaigh – bunú

Bailigh – bailiú

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cén fáth a bhfuil siopaí ag dúnadh i mbailte beaga ar fud na tíre, dar leat?
2. Ar mhaith leat bheith i do chónaí i gcathair mhór nó i sráidbhaile beag? Cén fáth?
3. Is ar scáth a chéile a mhaireann na daoine: mínigh.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. coiste áitiúil	<i>local committee</i>
2. siopa pobail	<i>community/local shop</i>
3. bollóg aráin	<i>loaf of bread</i>
4. diaidh ar ndiaidh	<i>gradually</i>
5. forbartha	<i>developed</i>
6. Iarthar Chorcaí	<i>West Cork</i>
7. i bhfabhar	<i>in favour of</i>
8. an chomhairle	<i>the advice</i>
9. comharchumann	<i>co-operative</i>
10. tionólfar	<i>will be convened</i>
11. scaireanna	<i>shares</i>

Ceist 2

Tabhair deis do gach beirt ábhar na míre a phlé le chéile.

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

an bhliain seo chugainn – next year
le blianta fada – for a good few years now, for a long time
i mbliana – this year
anuraidh – last year
i rith an tsamhraidh – throughout the summer
faoi láthair – at the moment

Ceist 5

1. An t-ainm briathartha.
2. Féach ar na habairtí seo agus cuir líne faoin ggné sin i ngach abairt:

Tá mé ag scríobh m'aiste.
Ní maith liom aistí a scríobh.
Tá mé ag ithe an cheapaire.
Ní maith liom ceapairí a ithe.

3. Is iad –adh agus –eadh na deirí a bhíonn ar ainm briathartha na mbriathra sa chéad réimniú. Is iad –ú agus –iú na deirí a bhíonn ar ainm briathartha na mbriathra sa dara réimniú.

Ceist 6

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Ó dheas i gCúirt Mhic Shéafraidh i gContae Chorcaí níl oiread is siopa amháin sa tsráidbhaile¹ ó dúnadh an siopa deireanach a bhí ann sa samhradh. Tá sé i gceist anois ag coiste áitiúil siopa pobail a oscailt ann in am do shéasúr turasóireachta na bliana seo chugainn.

Grett O'Connor

Ar lá breá samhraidh níl áit níos deise ar domhan ná Cúirt Mhic Shéafraidh agus sin mar a bhí an scéal leis na blianta fada. Ach, i mbliana, ní féidir uachtar reoite a cheannach anseo. Ní féidir bollóg aráin a fháil, ná braon bainne. Caoga bliain ó shin sna seascaidí bhí seacht siopa i gCúirt Mhic Shéafraidh, chomh maith le bunscoil agus oifig an phoist. Deir muintir na háite go mbíodh an sráidbhaile² an-ghnóthach ar fad an uair sin agus go mbíodh an-spiorad go deo san áit. Diaidh ar ndiaidh dúnadh na doirse sin ar fad, an bhunscoil ar dtús i 1972, ansin roinnt de na siopaí. Dúnadh oifig an phoist cúig bliana déag ó shin agus ansin dúnadh an siopa deireanach i rith an tsamhraidh. Anois, le cabhair Pháirtnéireacht Forbartha Iarthar Chorcaí³ tá sé i gceist ag coiste áitiúil siopa pobail a bhunú. Léirigh suirbhé go raibh nócha ceathair faoin gcéad den daonra i bhfabhar a leithéid.

Dan O'Dwyer

Ní raibh aon ionadh orainn go raibh suim ag na daoine siopa a chur ar siúl arís sa cheantar. Agus, an chomhairle a fuairamar ná comharchumann a chur le chéile, agus tá an obair sin á déanamh againn faoi láthair agus tá súil againn go mbeidh sé déanta againn roimh an Nollaig. Ina dhiaidh sin beidh muid ag obair ar an siopa pobail agus tá súil againn go mbeidh sé ar siúl roimh mhí⁴ (na) Bealtaine seo chugainn, le cúnadh Dé.

Grett O'Connor

Chomh luath is a bheidh an comharchumann curtha ar bun tionólfar cruinniú poiblí ag a ndéanfar scaireanna a thairiscint do chách le ceannach. Is mar sin a bhaileofar an síolchaipiteal is gá chun a chinntiú go mbeidh uachtar reoite le ceannach anseo arís an samhradh seo chugainn.

Grett O'Connor, Nuacht TG4, Cúirt Mhic Shéafraidh, Contae Chorcaí.

¹ Córas Chonnacht

² an tsráidbhaile a deirtear sa mhír

³ Comhpháirtíocht Forbartha Iarthar Chorcaí an teideal oifigiúil

⁴ mí a deirtear